



Tosach Feidhme Alt Áirithe den Acht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna) 2018

Ceisteanna Coitianta

Tá an doiciméad Ceisteanna Coitianta seo ceaptha chun a bheith ina threoir do scoileanna agus ba cheart é a léamh i gcomhar leis na forálacha de na hAchtanna Oideachais 1998 - 2018, de na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000 – 2018 agus den Acht Oideachais (Leas) 2000.

Is é an cuspóir atá leis an doiciméad Ceisteanna Coitianta seo treoir a thabhairt do phátrúin, do scoileanna agus do thuismitheoirí maidir leis na socruithe athbhreithnithe i leith ligean isteach i scoileanna, ar socruithe athbhreithnithe iad a cheanglaítear leis an Acht. Cuimsítear sa doiciméad seo na bearta nach mór a bheith ar bhord bainistíochta agus pátrún na scoile iad a dhéanamh, idir an tráth a ullmhófar an dréachtbheartas athbhreithnithe agus an tráth a thairgfear áit scoile agus a ghlacfar léi. Cuimsítear ann freisin rannáin atá dírithe ar thuismitheoirí agus faisnéis ghinearálta eile a bhaineann le ligean isteach i scoileanna.

Tá teimpléad le haghaidh [Beartas i dtaca le Ligean Isteach](#) agus teimpléad le haghaidh [Fógra Bliantúil i dtaca le Ligean Isteach](#) do scoileanna ar fáil.

TABHAIR FAOI DEARA: Ní léiriú dlíthiúil ar an reachtaíocht é an doiciméad Ceisteanna Coitianta seo agus ní comhairle dlí í an fhaisnéis/an treoir atá tugtha ann ach oiread. Tá sé de fhreagracht ar gach údarás scoile ceanglais na reachtaíochta a léamh agus eolas a chur orthu. Ina theannta sin, tá sé de fhreagracht ar gach údarás scoile é féin a shásamh gurb amhlaidh, bunaithe ar an gcomhairle dlí a fuair sé, dá mba ghá, gur chomhlíon sé aon oibleagáidí a tháinig chun cinn faoin reachtaíocht.

Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin gur bainteach lena chéile atá an-chuid de na saincheisteanna a bpléitear leo sa doiciméad Ceisteanna Coitianta seo. Ba cheart do léitheoirí bheith cúramach, dá bhrí sin, gan ceisteanna aonair a léamh ina n-aonar agus, ina ionad sin, ba cheart dóibh an doiciméad seo a léamh ina iomláine agus i gcomhar leis na doiciméid ghaolmhara, leis an bhfaisnéis ghaolmhar agus leis na forálacha reachtacha iomchuí.

DÁTAÍ TÁBHACHTACHA

- 1 Feabhra 2020 – Beidh trí mhí ag scoileanna chun an beartas i dtaca le ligean isteach uathu a dhréachtú
- 30 Aibreán 2020 – Ní mór an dréachtbeartas i dtaca le ligean isteach a bheith curtha faoi bhráid an phátrúin lena cheadú faoin dáta seo
- 15 Meán Fómhair 2020 – Ní mór an beartas i dtaca le ligean isteach a bheith ceadaithe ina iomláine ag an bpátrún agus ní mór é a bheith tugtha ar ais don bhord
- 1 Deireadh Fómhair 2020 – Is é seo an chéad lá ar a bhféadfaidh scoileanna tosú ag glacadh le hiarratais ar an ngrúpa iontrála don scoilbhliain 2021/22

DOICIMÉID THÁBHACHTACHA

- An Beartas i dtaca le Ligean Isteach ón scoil
- An Fógra Bliantúil i dtaca le Ligean Isteach
- An Fhoirm Iarratais ar ligean isteach sa scoil

CLÁR ÁBHAR

Rannán 1 – An Beartas i dtaca le Ligean Isteach a Ullmhú – Treoir do Bhoird Bhainistíochta agus do Phátrúin.....	3
1. Cé na bearta ar gá do bhoird bhainistíochta agus do phátrúin iad a dhéanamh le linn dóibh an beartas i dtaca le ligean isteach ón scoil a ullmhú agus a cheadú?.....	3
Rannán 2 – An Próiseas um Ligean Isteach.....	4
2. Cén dóigh a seolfaidh scoileanna an próiseas um ligean isteach?	5
3. Cé na dátaí tábhachtacha sa phróiseas um ligean isteach i scoileanna?	6
Rannán 3 – Beartais um Ligean Isteach ó Scoileanna.....	6
4. An bhfuil aon treoir ann maidir leis na nithe nach mór iad a chur ar áireamh sa bheartas i dtaca le ligean isteach ón scoil?.....	6
5. An gá ráiteas i dtaca le ligean isteach a thabhairt i ngach beartas i dtaca le ligean isteach?	6
6. Cé na critéir roghnúcháin a gceadaítear do scoileanna iad a chur ar áireamh sa bheartas i dtaca le ligean isteach uathu?.....	7
7. Cé na critéir roghnúcháin a dtoirmisctear ar scoileanna iad a chur ar áireamh sa bheartas i dtaca le ligean isteach uathu?.....	8
Rannán 4 – An Fógra Bliantúil i dtaca le Ligean Isteach.....	9
8. Cad is fógra bliantúil i dtaca le ligean isteach ann?	9
Rannán 5 – Tuilleadh Faisnéise faoi na próisis um ligean isteach i Scoileanna	10
9. Conas is féidir le scoileanna a bpróiseas um ligean isteach a bhainistiú i gcás go ndearna iarratasóirí iarratas chuig níos mó ná scoil amháin?.....	10
10. Cad a tharlóidh do na liostaí feithimh atá ann roimh thosach feidhme na forála iomchuí an 1 Feabhra 2020?	10
11. Cad a tharlóidh d'áiteanna scoile a tairgeadh agus ar glacadh leo roimh an 1 Feabhra 2020?	10
12. Conas a oibreofar na liostaí feithimh nua?	11
13. An bhféadfaidh scoileanna Gaeilge tús áite a thabhairt do dhaltaí a bhfuil Gaeilge acu?.....	11

14. An bhféadfaidh iar-bhunscoil Ghaeilge tús áite a thabhairt do dhaltáí a d'fhreastail ar bhunscoil Ghaeilge?	11
15. Cé na hathruithe a tugadh isteach roimhe seo leis an Acht?	11
Rannán 6 – Faisnéis Ghinearálta do Thuismitheoirí	12
16. Cá bhfaighidh mé faisnéis faoin mbeartas i dtaca le ligean isteach ó scoil agus mionsonraí eile amhail an fhoirm iarratais agus dátaí deiridh, i measc nithe eile?.....	12
17. Cé na daoine nach mór dul i ndáil chomhairle leo maidir leis an mbeartas athbhreithnithe nua i dtaca le ligean isteach ón scoil?.....	13
18. Cad a tharlóidh i gcás gur tairgeadh áit scoile don leanbh liom agus gur glacadh léi nó i gcás gur tugadh uimhir ar liosta feithimh le haghaidh áit scoile dó/dí?.....	13
19. Cá mhéad ama a bheidh agam chun scoil a chur ar an eolas gur ghlac mé le tairiscint?13	
20. An bhféadfar tairiscint áite scoile a tharraingt siar?.....	13
21. Cén fhaisnéise a fhéadann scoileanna a roinnt maidir le m'iarratas ar iontráil?	14
22. An gceanglaítear ar scoileanna aon rud eile a fhoilsiú?.....	14

Rannán 1 – An Beartas i dtaca le Ligean Isteach a Ullmhú – Treoir do Bhoird Bhainistíochta agus do Phátrúin

1. Cé na bearta ar gá do bhoird bhainistíochta agus do phátrúin iad a dhéanamh le linn dóibh an beartas i dtaca le ligean isteach ón scoil a ullmhú agus a cheadú?

- (a) Ní mór don bhord bainistíochta ('an bord') dul i ndáil chomhairle leis an bpátrún, le tuismitheoirí na ndaltaí atá ag freastal ar an scoil agus le foireann na scoile le linn dó an dréachtbheartas i dtaca le ligean isteach a ullmhú.**

Is in alt 62 den Acht a phléitear leis na próisis nua a bhaineann le beartais i dtaca le ligean isteach. Ceanglaítear leis an alt sin ar an mbord dul i ndáil chomhairle le tuismitheoirí, leis an bhfoireann agus leis an bpátrún sula ndrúchtóidh sé an beartas. Is próiseas aonuaire é sin agus ní cheanglófar ar an mbord é a sheoladh arís, ach amháin i gcás go gcinneadh an scoil athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas tráth níos déanaí. I gcás go gcinneadh aon bhord athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas i dtaca le ligean isteach uaidh tráth níos déanaí, ní mór dó an próiseas comhairliúcháin agus ceadaithe a sheoladh arís amhail is dá mbeadh an beartas á fhoilsiú aige den chéad uair riamh.

- (b) Ní mór don bhord dréacht den bheartas i dtaca le ligean isteach uaidh a ullmhú roimh an 30 Aibreán 2020.**

De réir an Achta, is amhlaidh, tar éis thosach feidhme alt 62 an 1 Feabhra 2020, go mbeidh trí mhí ag boird chun na dréachtbheartais i dtaca le ligean isteach uathu a ullmhú, i.e. suas go dtí an 30 Aibreán 2020. Ós rud é go bhfuil beartais i dtaca le ligean isteach i bhfeidhm ag gach scoil cheana féin, ní dóigh go mbeidh ar fhorhmór na scoileanna athruithe suntasacha a dhéanamh le linn dóibh an beartas nua i dtaca le ligean isteach uathu a dhréachtú, mar a cheanglaítear leis an reachtaíocht.

Is féidir doiciméad teimpléadach le haghaidh Beartas i dtaca le Ligean Isteach a fháil ag an nasc seo a leanas: [Teimpléad le haghaidh Beartas i dtaca le Ligean Isteach](#)

- (c) Ní mór don bhord an dréachtbheartas i dtaca le ligean isteach a chur ar aghaidh chuig an bpátrún lena cheadú.**

Ní mór don phátrún an dréachtbheartas i dtaca le ligean isteach a cheadú tar éis dó an beartas a fháil. I gcás gur mian leis an bpátrún modhnuithe a dhéanamh ar an dréachtbheartas, áfach, ní mór orthú an beartas a thabhairt ar ais don bhord ionas gur féidir na modhnuithe sin a dhéanamh. Ní mór don bhord aon mhodhnuithe sonraith a dhéanamh laistigh de dhá sheachtain ansin agus an beartas a thabhairt ar ais don phátrún lena cheadú.

Ní mór don phátrún an dréachtbheartas nó an dréachtbheartas modhnaithe a cheadú a luaithe is féidir ach, in aon chás, tráth nach déanaí ná an 15 Meán Fómhair.


Ní mór don phátrún an beartas ceadaithe i dtaca le ligean isteach a chur ar aghaidh chuig an mbord bainistíochta lena fhoilsiú ansin.

(d) Ní mór don bhord an beartas ceadaithe a fhoilsiú.

Ní mór don bhord an beartas nua a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin atá ar fáil go poiblí agus atá á chothabháil ag an scoil, i.e. suíomh Gréasáin na scoile. Níor cheart an beartas nua a fhoilsiú roimh an 1 Meán Fómhair 2020, áfach. Is é atá i gceist leis sin a chinntiú nach mbeidh aon mhearbhall ann agus a chinntiú go mbeidh feidhm ag an mbeartas maidir leis an ngrúpa iontrála don bhliain 2021/2022 agus ina diaidh agus nach mbeidh aon fheidhm aige maidir le hiarratais ar ligean isteach sa ghrúpa iontrála don bhliain 2020/2021.

I gcás go ndéanfaidh aon bhord athbhreithniú ar an mbeartas i dtaca le ligean isteach uaidh do bhlianta ina dhiaidh sin, beidh dhá sheachtain aige ón dáta a gheofar an beartas ceadaithe ón bpátrún chun an beartas a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin na scoile. Ní mór an beartas i dtaca le ligean isteach a chothabháil ar shuíomh Gréasáin na scoile go dtí cibé tráth a nuashonrófar é agus a chuirfear beartas nua ina áit. Ní mór an beartas a bheith ar fáil ón scoil ach é a iarraidh freisin.

Is leagtha amach thíos atá an próiseas le haghaidh dréachtbheartas i dtaca le ligean isteach a ullmhú agus ceadú a lorg ina leith:



Rannán 2 – An Próiseas um Ligean Isteach

2. Cén dóigh a seolfaidh scoileanna an próiseas um ligean isteach?

(e) Ní mór don bhord an Fógra Bliantúil i dtaca le Ligean Isteach ón scoil a ullmhú agus a fhoilsiú

Ní mór do bhoird Fógra Bliantúil i dtaca le Ligean Isteach a ullmhú agus a fhoilsiú. Ní mór faisnéis ar leith a thabhairt san fhógra, mar atá leagtha amach sa fhreagra ar cheist **8 thíos**.

Ní mór an fógra a fhoilsiú seachtain amháin ar a laghad sula bhféadfaidh an scoil glacadh le hiarratais ar ligean isteach.

Ní féadfaidh scoileanna glacadh le hiarratais roimh an 1 Deireadh Fómhair sa bhliain roimh an scoilbhliain dá bhfuil an t-iarratas á dhéanamh ar an ngrúpa iontrála.

Ní mór an fógra a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin na scoile agus ní mór é a choinneáil ar an suíomh ar feadh ré na scoilbhliana.

Ní mór an fógra a chur ar fáil arna iarraidh sin i scríbhinn freisin.

Is féidir tuilleadh faisnéise faoin bhfógra i dtaca le ligean isteach a fháil faoi cheist **8 thíos** agus is féidir doiciméad teimpléadach a fháil ag an nasc seo a leanas: Teimpléad le haghaidh Fógra Bliantúil i dtaca le Ligean Isteach <https://www.education.ie/ga/Tuismitheoirí/Eolas/Rollú-Scoile/fogra-maidir-le-ligean-isteach.docx>

(f) Glacfaidh an scoil le hiarratais ar ligean isteach

Ní mór do scoileanna glacadh le hiarratais de réir na ndátaí atá leagtha amach san Fhógra Bliantúil i dtaca le Ligean Isteach uathu.

(g) Déanfaidh an scoil cinntí ar iarratais ar ligean isteach

Ní mór iarratasóir a chur ar an eolas faoin gcinneadh ón scoil ar iarratas ar ligean isteach den grúpa iontrála laistigh de thrí seachtaine ón dáta deiridh le haghaidh iarratais a fháil, mar atá leagtha amach san fhógra.


Maidir leis an ngrúpa iontrála, i gcás aon iarratas a fuarthas tar éis an dáta deiridh atá leagtha amach san fhógra, ba cheart an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoin gcinneadh ar an iarratas sin laistigh de thrí seachtaine ón iarratas a fháil.

Tá tuilleadh faisnéise faoin bpróiseas cinnteoireachta ar fáil i rannán **4 thíos**.

Ní mór glacadh le tairiscint áite scoile laistigh den tréimhse ama atá leagtha amach san Fhógra Bliantúil i dtaca le Ligean Isteach. Ní mór do scoileanna mionsonraí a thabhairt d'iarratasóirí faoin tréimhse nach mór dóibh glacadh leis an tairiscint lena linn.

Ní mór do scoileanna a bhfuil ró-éileamh orthu liosta feithimh a chur le chéile de dhaltaí nár éirigh leis an iarratas uathu ar áit sa scoil. Ní mór an liosta feithimh a bheith bailí ar feadh ré na scoilbhliana lena mbaineann agus ar feadh na scoilbhliana sin amháin agus ní mór an liosta a úsáid chun aon fholúntais a thiocfaidh chun cinn le linn na bliana a líonadh.

Ní mór do gach scoil glacadh le hiarratais dhéanacha ar an ngrúpa iontrála agus cinneadh a dhéanamh orthu. Ní mór áiteanna a thairiscint i gcás go mbeidh siad ar fáil go fóill. Ní mór do scoileanna a bhfuil ró-éileamh orthu iarratasóirí nár éirigh leo a chur ar an liosta feithimh don scoil.



3. Cé na dátaí tábhachtacha sa phróiseas um ligean isteach i scoileanna?

Ní fhéadfaidh scoileanna glacadh le hiarratais roimh an 1 Deireadh Fómhair sa bhliain roimh an scoilbhliain dá bhfuil an t-iarratas á dhéanamh ar an ngrúpa iontrála. Féadfaidh scoileanna a roghnú cén uair a thosóidh siad an próiseas um ligean isteach, fad a dhéanfaidh siad amhlaidh tar éis an 1 Deireadh Fómhair sa bhliain roimhe.

San Fhógra Bliantúil i dtaca le Ligean Isteach ón scoil, tabharfar do thuismitheoirí an fhaisnéis thábhachtach ar fad faoin bpróiseas um ligean isteach a leanfaidh an scoil. Ní mór an fógra a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin na scoile seachtain amháin ar a laghad sula bhféadfaidh an scoil tosú ag glacadh le hiarratais ar ligean isteach don bhliain lena mbaineann agus ní mór an fógra a choinneáil ar an suíomh ar feadh ré na scoilbhliana.

Rannán 3 – Beartais um Ligean Isteach ó Scoileanna

4. An bhfuil aon treoir ann maidir leis na nithe nach mór iad a chur ar áireamh sa bheartas i dtaca le ligean isteach ón scoil?

Chun cabhrú le boird an beartas i dtaca le ligean isteach uathu a ullmhú, d'fhoilsigh an Roinn teimpléad le haghaidh beartas i dtaca le ligean isteach atá ar fáil [anseo](#).

De réir an Achta, ní mór eilimintí éigeantacha áirithe a bheith i mbeartas i dtaca le ligean isteach. Tá cuid mhór de na heilimintí sin i bhfeidhm ag formhór na scoileanna cheana féin. Beidh scoileanna in ann an teimpléad a úsáid chun a chinntiú go gcumhdófar ceanglais uile na reachtaíochta sa bheartas nua uathu.

5. An gá ráiteas i dtaca le ligean isteach a thabhairt i ngach beartas i dtaca le ligean isteach?

De réir an Achta, ní mór faisnéis ar leith a thabhairt i ngach beartas i dtaca le ligean isteach. Ceann de na piosaí faisnéise sin is ea an Ráiteas i dtaca le Ligean Isteach. Sa Ráiteas i dtaca le Ligean Isteach uathu, ní mór don scoil a rá nach ndéanfaidh sí idirdhealú in aghaidh iarratasóir ar ligean isteach ar aon cheann de na forais shonraithe seo a leanas: inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlach,

gnéaschlaonadh, creideamh, míchumas, cine, ballraíocht den lucht siúil, nó riachtanais speisialta oideachais. Leagtar amach sa [teimpléad le haghaidh beartas i dtaca le ligean isteach](#) ón Roinn na nithe nach mór a bheith sa ráiteas sin.

Ina theannta sin, ní mór do na catagóirí scoileanna atá leagtha amach i bpointe (a) go pointe (f) thíos faisnéis bhreise a chur ar áireamh sa ráiteas uathu.

Tabhair faoi deara: Is féidir go mbeidh ar scoileanna áirithe ráitis a chur ar áireamh faoi cheann amháin nó níos mó de na ceannteidil seo. Tá tuilleadh faisnéise faoi na ceanglais sin mar atá leagtha amach thíos.

- (a) **Maidir le haon scoil nach ligeann isteach ach daltaí d'aon inscne amháin**, ní mór di ráiteas a chur áireamh á rá nach mbeidh idirdhealú á dhéanamh aici i leith ligean isteach daltaí i gcás go ndiúltóidh sí do dhuine nach duine den inscne sin é/í a ligean isteach mar dhalta.
- (b) **Maidir le haon iar-bhunscoil shainchreidmheach**, ní mór di ráiteas a chur ar áireamh á rá nach mbeidh idirdhealú á dhéanamh aici i leith ligean isteach daltaí i gcás go ligfidh sí isteach daoine de shainchreideamh ar leith de rogha ar dhaoine eile.
- (c) **Maidir le haon scoil shainchreidmheach (bunscoil agus iar-bhunscoil)**, ní mór di ráiteas a chur ar áireamh á rá nach mbeidh idirdhealú á dhéanamh aici i leith ligean isteach daltaí i gcás go ndiúltóidh sí do dhuine nach duine de shainchreideamh ar leith é/í a ligean isteach mar dhalta agus go gcruthófar é gur gá diúltú don duine sin chun éiteas na scoile a chothabháil.
- (d) **Maidir le haon bhunscoil creidimh mhionlaigh**, ní mór di ráiteas a chur ar áireamh á rá nach ndéanfaidh sí idirdhealú i leith ligean isteach dalta ar ball de chreideamh mionlaigh é/í de réir alt 7A den Acht um Stádas Comhionann 2000 (arna chur isteach le halt 11(b) den Acht Oideachais (Ligean isteach i Scoileanna) 2018).
- (e) **Scoileanna speisialta** - Maidir le haon scoil nach soláthraíonn an t-oideachas ach amháin do dhaltaí a bhfuil catagóir nó catagóirí riachtanas speisialta oideachais acu, ní mór di ráiteas a chur ar áireamh á rá go bhféadfaidh an scoil diúltú do dhalta a ligean isteach i gcás nach mbeidh aige/aici an chatagóir shonraithe riachtanas speisialta oideachais lena mbaineann.
- (f) **Scoileanna a bhfuil rang speisialta ar bun acu** - Maidir le haon scoil a bhfuil rang speisialta ar bun aici agus nach soláthraíonn an t-oideachas ach amháin do dhaltaí a bhfuil catagóir nó catagóirí riachtanas speisialta oideachais acu, ní mór di ráiteas a chur ar áireamh á rá go bhféadfaidh an scoil diúltú do dhalta a ligean isteach sa rang lena mbaineann i gcás nach mbeidh aige/aici an chatagóir shonraithe riachtanas speisialta oideachais lena mbaineann.

***TABHAIR FAOI DEARA:** Ní cheanglaítear leis an Acht ar scoileanna speisialta ná ranganna speisialta a fhreastalaíonn ar chatagóir nó catagóirí riachtanais speisialta oideachais an stádas reatha atá acu a athrú. Maidir leis na socruithe atá i bhfeidhm faoi láthair i ndáil leis an gcatagóir nó na catagóirí riachtanais speisialta oideachais a bhfreastalaíonn scoileanna uirthi nó orthu, coinneofar iad mar a bhí i mblianta roimhe seo ach amháin i gcás go n-ordóidh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta nó an Roinn a mhalairt.

Chomh maith leis sin, ní mór don scoil an chatagóir nó na catagóirí riachtanais speisialta oideachais a bhfreastalaíonn an scoil/an rang speisialta lena mbaineann uirthi nó orthu a shonrú sa bheartas i dtaca le ligean isteach uathu.

6. Cé na critéir roghnúcháin a gceadaítear do scoileanna iad a chur ar áireamh sa bheartas i dtaca le ligean isteach uathu?

Beidh lánrogha ag scoileanna go fóill i ndáil leis na critéir um ligean isteach a úsáidfidh siad agus i dtaca leis an dóigh a gcuirfidh siad na critéir sin i bhfeidhm. Mar sin féin, is ann do chritéir áirithe a dtoirmisctear go sonrath iad leis an Acht.

Seachas sin, is faoi na scoileanna féin a bheidh sé a chinneadh cé na critéir a chuirfidh siad i bhfeidhm agus cén t-ord tosaíochta ina gcuirfidh siad na critéir sin i bhfeidhm. Is gá dhá phointe thábhachtacha a thabhairt faoi deara, áfach:

- Ar an gcéad dul síos, ní mór an próiseas roghnúcháin agus an beartas i dtaca le ligean isteach ar a bhfuil sé bunaithe a bheith neamh-idirdhealaitheach agus ní mór iad a chur i bhfeidhm ar bhealach cothrom i leith gach iarratasóra.
- Ar an dara dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhféadfar critéir roghnúcháin nach bhfuil ar áireamh sa bheartas i dtaca le ligean isteach ón scoil a úsáid chun a chinneadh cé acu a ligfear nó nach ligfear dalta isteach sa scoil.

7. Cé na critéir roghnúcháin a dtoirmisctear ar scoileanna iad a chur ar áireamh sa bheartas i dtaca le ligean isteach uathu?

Le linn di cinneadh a dhéanamh ar iarratas chuig an scoil nó le linn di dalta a chur ar liosta feithimh, **ní fhéadfaidh** aon scoil na nithe atá liostaithe thíos a úsáid mar chritéir roghnúcháin nó ar shlí eile mar chuid dá próiseas um ligean isteach nó chun críocha cinnteoireachta. Is ann do líon teoranta eisceachtaí ina leith sin, áfach, agus tá siad scríofa i gcló dearg thíos:

- (i) dalta a bheith ag freastal roimhe sin ar réamhscoil nó ar sheirbhís réamhscoile **seachas i ndáil le dalta a bheith ag freastal roimhe sin ar na nithe seo a leanas—**
 - (a) an [rang luath-idirghabhála](#), nó
 - (b) an [réamhscoil tús luaith](#),**mar a bheidh sonrath i liosta a fhoilseoidh an tAire ó am go chéile;**
- (ii) táillí nó ranníocaíochtaí (cibé tuairisc atá orthu) a íoc leis an scoil **(seachas i ndáil leis na nithe seo a leanas:**
 - (a) táillí a ghearrann iar-bhunscoileanna táille, mar a bheidh sonrath i liosta iar-bhunscoileanna táille a fhoilseoidh an tAire;
 - (b) táillí a ghearrann scoileanna cónaithe, mar a bheidh sonrath i liosta scoileanna cónaithe a fhoilseoidh an tAire ó am go chéile, a mhéid a bhaineann na táillí sin leis an gcostas ar áiteanna cónaithe a sholáthar agus leis sin amháin;
 - (c) táillí a ghearrann scoileanna a sholáthraíonn cúrsaí Iar-Ardteistiméireachta, a mhéid a bhaineann na táillí sin leis an gcostas ar chúrsaí Iar-Ardteistiméireachta a sholáthar;
 - (d) táillí a ghearrann scoileanna a sholáthraíonn cúrsaí breisoideachais agus oiliúna i leith na gcúrsaí sin.)
- (iii) cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht an dalta **(seachas:**
 - i ndáil le ligean isteach (a) i scoil speisialta nó (b) i rang speisialta, ach amháin a mhéid is gá chun a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil ag an dalta an chatagóir riachtanais speisialta oideachais lena mbaineann agus/nó
 - i gcás go dtabharfaidh scoil Ghaeilge tús áite, de réir fhorálacha alt 62(9) den Acht, do dhalta a ghnóthaigh leibhéal líofachta sa Ghaeilge.)
- (iv) gairm bheatha, stádas airgeadais, cumas acadúil, scileanna nó inniúlacht thuismitheoirí an dalta
- (v) ceanglas go bhfreastalódh an dalta, nó a t(h)uismitheoirí, ar agallamh, ar lá oscailte nó ar chruinniú eile mar choinníoll le haghaidh ligean isteach **(seachas i gcás ligean isteach sa ghné chónaitheach de scoil chónaithe nó i gcúrsa Iar-Ardteistiméireachta nó cúrsa breisoideachais agus oiliúna a réachtálann scoil)**

(vi) baint a bheith ag dalta leis an scoil toisc go bhfuil ball dá t(h)eaghlach ag freastal ar an scoil faoi láthair nó gur fhreastail ball dá t(h)eaghlach ar an scoil roimhe sin

(seachas i gcás gur mian leis an scoil critéar roghnúcháin a chur ar áireamh atá bunaithe ar na forais (1) go bhfuil siblíni le dalta ag freastal ar an scoil faoi láthair nó gur fhreastail siad ar an scoil roimhe sin agus/nó (2) gur fhreastail tuismitheoirí nó seantuismitheoirí le dalta ar an scoil.

I ndáil le pointe (2) tuismitheoirí agus seantuismitheoirí, ní fhéadfaidh aon scoil an critéar sin a úsáid ach amháin chun 25% ar a mhéad de na háiteanna atá ar fáil, mar atá leagtha amach san fhógra bliantúil i dtaca le ligean isteach ón scoil, a líonadh)

(vii) an dáta agus an t-am ar a bhfuair an scoil an t-iarratas ar ligean isteach

Tá sé sin faoi réir an t-iarratas a bheith á fháil ag aon am le linn na tréimhse atá sonraithe le haghaidh iarratais a fháil, mar atá leagtha amach san fhógra bliantúil i dtaca le ligean isteach ón scoil don scoilbhliain lena mbaineann. Fágann sé sin nach bhféadfaidh aon scoil critéar roghnúcháin a chur i bhfeidhm bunaithe ar dháta an iarratais. Mar sin féin, ní chuirtear cosc ar aon scoil a cheangal go gcuirfí iarratais isteach laistigh den tréimhse ama atá leagtha amach san Fhógra Bliantúil i dtaca le Ligean Isteach uaithe.

TABHAIR FAOI DEARA: Féadfaidh aon scoil critéar roghnúcháin a chur i bhfeidhm bunaithe ar liosta feithimh atá ann cheana (liosta feithimh a bhí ann roimh an 1 Feabhra 2020), ar choinníoll gur thug an scoil, roimh an 1 Feabhra 2020, deimhniú i scríbhinn do dhuine a rinne iarratas ar áit sa scoil nó a léirigh spéis in iarratas a dhéanamh ar áit sa scoil agus gur cuireadh an dalta lena mbaineann ar liosta feithimh le haghaidh áiteanna a leithdháileadh sa scoilbhliain lena mbaineann. Scoirfidh an eisceacht sin de bheith ann an 31 Eanáir 2025.

Rannán 4 – An Fógra Bliantúil i dtaca le Ligean Isteach

8. Cad is fógra bliantúil i dtaca le ligean isteach ann?

Ceanglaítear le halt 63 den Acht ar gach bord Fógra i dtaca le Ligean Isteach a ullmhú agus a fhoilsiú gach bliain. Ní mór an fógra sin a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin na scoile seachtain amháin ar a laghad sula dtosóidh an scoil a próiseas bliantúil um ligean isteach.

Ní mór mionsonraí a thabhairt san fhógra faoi conas is féidir cóip a fháil den bheartas i dtaca le ligean isteach ón scoil agus den fhoirm iarratais ar ligean isteach.

Ní mór an fhaisnéis seo a leanas faoin bpróiseas um ligean isteach sa scoil don scoilbhliain grúpa iontrála lena mbaineann a thabhairt san fhógra freisin:

- An dáta ar a dtosóidh an scoil ag glacadh le hiarratais ar ligean isteach sa scoil don scoilbhliain lena mbaineann agus an dáta ar a scoirfidh an scoil de bheith ag glacadh leo (ní mór íostréimhse trí seachtaine a bheith ann)
- An dáta faoina gcuirfean an t-iarratasóir ar an eolas faoin gcinneadh ar an iarratas uaidh/uaithe (ní mór déanamh amhlaidh laistigh de thrí seachtaine ón dáta deiridh nó, i gcás iarratais dhéanacha, laistigh de thrí seachtaine ó dháta an iarratais)
- An dáta faoina ndeimhneoidh an t-iarratasóir gur ghlac sé/sí leis an tairiscint ligin isteach;
- Go bhféadfar an tairiscint a tharraingt siar i gcás nach nglacfaidh an t-iarratasóir leis an tairiscint ligin isteach laistigh den tréimhse ama atá leagtha amach
- I ndáil leis an scoilbhliain lena mbaineann:
 - an líon áiteanna scoile atá ar fáil sa ghrúpa iontrála,
 - i gcás scoil chónaithe, an líon áiteanna cónaitheacha agus an líon áiteanna neamhchónaitheacha atá ar fáil,
 - i gcás scoil a bhfuil rang speisialta ar bun aici, an líon áiteanna scoile atá ar fáil sa rang speisialta lena mbaineann

- I gcás scoil ina raibh ró-éileamh ar an ngrúpa iontrála nó ar an rang speisialta sa bhliain roimh an mbliain ina n-iarrtar ligean isteach, ní mór ráiteas a chur ar áireamh san fhógra i dtaca le ligean isteach ina leagtar amach an líon iarratas a fuarthas agus líon agus ord na dtairiscintí a rinneadh sa scoilbhliain sin i dtaca le gach ceann de chritéir roghnúcháin na scoile
- I gcás scoil ina ndearnadh tairiscintí agus inar glacadh leo roimh thosach feidhme alt 62 (i.e. roimh an 1 Feabhra 2020) don scoilbhliain lena mbaineann, ba cheart don scoil an líon áiteanna scoile den sórt sin a tairgeadh agus ar glacadh leo a lua

Tá [teimpléad le haghaidh Fógra Bliantúil i dtaca le Ligean Isteach](#) le fáil agus is féidir é a úsáid le linn an doiciméad sin a dhréachtú.

Rannán 5 – Tuilleadh Faisnéise faoi na próisis um ligean isteach i Scoileanna

9. Conas is féidir le scoileanna a bpróiseas um ligean isteach a bhainistiú i gcás go ndearna iarratasóirí iarratas chuig níos mó ná scoil amháin?

Chun próiseas éifeachtúil um ligean isteach a éascú do scoileanna agus d'iarratasóirí, ceadáítear leis an Acht do scoileanna an fhaisnéis seo a leanas a chomhroinnt:

- An dáta a fuarthas iarratas.
- An dáta a rinneadh tairiscint.
- An dáta a glacadh le tairiscint.
- Sonraí pearsanta aitheantais an dalta (chun a chinntiú gurb é/í an t-aon duine amháin atá ag déanamh iarratas ar an dá scoil).

Is faoi na scoileanna lena mbaineann a bheidh sé teacht ar chomhaontú faoi shocruithe le haghaidh aon chomhroinnte faisnéise faoin Acht agus na socruithe sin a chur i bhfeidhm.

Cuimsítear i mbunachar sonraí bunscoile ar líne na Roinne (POD) feidhm liosta rollaithe ar feitheamh. Má úsáideann scoileanna an fheidhm sin go tráthúil, tiocfaidh fógra coinbhleachta aníos i gcás go mbeidh an dalta liostaithe mar dhalta ar feitheamh do bhunscoil eile.

Tá tuilleadh faisnéise faoin bhfeidhm 'rollaithe ar feitheamh' ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne ag an nasc seo a leanas: [Primary-Online-Database-POD-/pod-instruction-pending-enrolment-instructions.pdf](#)

Níl an áis sin ar fáil ar an mbunachar sonraí iar-bhunscoile ar líne (PPOD).

10. Cad a tharlóidh do na liostaí feithimh atá ann roimh thosach feidhme na forála iomchuí an 1 Feabhra 2020?

I gcás gurb amhlaidh go bhfuair an scoil iarratais nó léirithe spéise roimh an 1 Feabhra 2020 agus i gcás gur dheimhnigh scoil i scríbhinn roimh an 1 Feabhra 2020 freisin gur cuireadh an t-iarratasóir ar liosta chun críocha áiteanna scoile a leithdháileadh sa bhliain lena mbaineann, féadfaidh áiteanna ar na liostaí feithimh sin bheith bailí fós agus féadfaidh scoil critéar roghnúcháin a chur i bhfeidhm bunaithe ar liosta feithimh den sórt sin. Mar sin féin, is amhlaidh, mar atá leagtha amach san Acht, nach mbeidh feidhm ag na liostaí feithimh sin a thuilleadh cúig bliana tar éis thosach feidhme alt 62, i.e. an 31 Eanáir 2025.

11. Cad a tharlóidh d'áiteanna scoile a tairgeadh agus ar glacadh leo roimh an 1 Feabhra 2020?

Is bailí fós a bheidh áiteanna scoile a tairgeadh agus ar ghlac iarratasóirí leo roimh thosach feidhme alt 62.

12. Conas a oibreofar na liostaí feithimh nua?

I gcás go mbeidh ró-éileamh ann ar scoil in aon bhliain ar leith, ceanglófar ar an scoil liosta feithimh a chur le chéile de dhaltáí nár éirigh leis an iarratas ar ligean isteach sa grúpa iontrála uathu toisc go raibh ró-éileamh ann ar an scoil. Ní mór don scoil an liosta sin a úsáid chun aon fholúntais a thiocfaidh chun cinn le linn na scoilbhliana atá i gceist, agus le linn na scoilbhliana sin amháin, a líonadh.

13. An bhféadfaidh scoileanna Gaeilge tús áite a thabhairt do dhaltáí a bhfuil Gaeilge acu?

Foráiltear leis an Acht go bhféadfaidh scoileanna Gaeilge (i gcás go mbeidh sé de bheartas acu déanamh amhlaidh) tús áite a thabhairt do ligean isteach daltaí i gcás gur deimhin leis an scoil gur ghnóthaigh an dalta leibhéal líofachta sa Ghaeilge agus gur dhócha go rachadh an líofacht sin ar gcúl mura ligfí isteach é/í i scoil Ghaeilge.

Príomhphointí le cuimhneamh orthu:

- Féadfaidh iarratasóir, le linn dó/di iarratas a dhéanamh ar ligean isteach i scoil Ghaeilge, ráiteas a thabhairt á dheimhniú -
 - gur ghnóthaigh an dalta leibhéal líofachta sa Ghaeilge agus
 - gur dhócha go rachadh líofacht an dalta sa Ghaeilge ar gcúl mura ligfí isteach é/í i scoil Ghaeilge.
- Féadfaidh iarratasóir cibé fianaise is cuí leis/léi a thabhairt ar líofacht an dalta sa Ghaeilge agus féadfaidh sé/sí an dalta a chur ar fáil le haghaidh freastal ar agallamh nó ar chruinniú chun leibhéal líofachta an dalta sa Ghaeilge a thaispeáint, más mian leis/léi déanamh amhlaidh.
- Ní fhéadfaidh an scoil Ghaeilge iallach a chur ar dhalta nó ar a t(h)uismitheoirí freastal ar agallamh nó ar chruinniú chun na críche sin.
- Ní fhéadfaidh an scoil Ghaeilge aird a thabhairt ach amháin ar an bhfianaise arna tabhairt ag an iarratasóir maidir le líofacht an dalta.
- Ní fhéadfaidh an scoil Ghaeilge na hiarratasóirí a rangú ar bhonn a líofachta in aghaidh na ndaltaí eile a thaispeáin a leibhéal líofachta sa Ghaeilge. Ní mór critéir roghnúcháin na scoile, mar atá leagtha amach sa bheartas uaithi, a chur i bhfeidhm i gcás gur mó an líon daltaí den sórt sin ná an líon áiteanna atá ar fáil.
- Ceanglófar ar scoileanna freisin aird a thabhairt ar riachtanais speisialta an linbh i dtaca le líofacht teanga labhartha an linbh.

14. An bhféadfaidh iar-bhunscoil Ghaeilge tús áite a thabhairt do dhaltáí a d'fhreastail ar bhunscoil Ghaeilge?

Más mian léi déanamh amhlaidh, féadfaidh iar-bhunscoil Ghaeilge foráil a dhéanamh d'áiteanna a thabhairt do dhaltáí a d'fhreastail ar bhunscoil Ghaeilge.

15. Cé na hathruithe a tugadh isteach roimhe seo leis an Acht?

Tosaíodh roinnt alt den Acht an 3 Deireadh Fómhair 2018 agus tá siad i mbun feidhme anois. Tá na hailt sin mar seo a leanas:

- **Deireadh a chur le creideamh a úsáid mar chritéar roghnúcháin le haghaidh ligean isteach i mbunscoileanna aitheanta.**

Le halt 11 den Acht, leasaíodh an tAcht um Stádas Comhionann, 2000, chun deireadh a chur, i gcás bunscoileanna aitheanta, leis an bhforáil lenar ceadaíodh do scoileanna den sórt sin creideamh a úsáid mar chritéar roghnúcháin le haghaidh ligean isteach i scoil.

Is amhlaidh go bhfuil foráil ann lena gcinntítear go bhféadfaidh leanbh de chreideamh mionlaigh rochtain a fháil ar scoil dá c(h)reideamh féin. Foráiltear leis an Acht leasaithe nach mbeidh idirdhealú á dhéanamh ag bunscoil aitheanta i gcás go ligfidh sí isteach mar thosaíocht dalta ó

chreideamh mionlaigh atá ar lorg ligean isteach i scoil a sholáthraíonn teagasc creidimh nó oideachas creidimh lena ngabhann an t-éiteas creidimh céanna a ghabhann le creideamh mionlaigh an dalta lena mbaineann nó lena ngabhann éiteas creidimh atá cosúil le héiteas chreideamh mionlaigh an dalta lena mbaineann.

➤ **Toirmeasc ar tháillí a ghearradh nó ar íocaíochtaí nó ranníocaíochtaí a lorg i leith ligean isteach nó rollú leanúnach i scoil.**

Le halt 64 den Acht, toirmisctear táillí a ghearradh nó íocaíochtaí nó ranníocaíochtaí a lorg i leith iarratas a dhéanamh ar ligean isteach nó ar rollú leanúnach i scoil. Tá díolúintí ann i ndáil le hiarbhunscoileanna a ghearrann táillí, i ndáil leis an ngné chónaithe i Scoileanna Cónaithe agus i ndáil le ligean isteach i gcúrsaí Iar-Ardteistiméireachta nó cúrsaí breisoideachais a reáchtálann iarbhunscoileanna.

➤ **Comhoibriú agus comhroinnt faisnéise idir boird.**

Le halt 66 den Acht, ceadáítear do scoileanna faisnéis a chomhroinnt lena chéile faoi aon iarratais a fuarthas nó faoi aon tairiscintí a rinneadh nó ar glacadh leo. Chomh maith leis sin, tugtar leis an alt sin de chumhacht don Aire treoir a thabhairt do dhá scoil nó níos mó comhoibriú lena chéile le linn phróisis ligin isteach na scoileanna lena mbaineann a sheoladh.

Tosaíodh an t-alt seo a leanas an **3 Nollaig 2018**:

➤ **Cumhacht a thabhairt don Aire iallach a chur ar scoil rang nó ranganna speisialta a oscailt.**

Tugtar le halt 8 den Acht de chumhacht don Aire, tar éis próiseas comhairliúcháin leis an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, le bord bainistíochta na scoile agus le pátrún na scoile, iallach a chur ar scoil soláthar breise a dhéanamh don oideachas leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu - i.e. rang nó ranganna speisialta a oscailt - i gcás go sainithneoidh an Chomhairle go bhfuil gá ann le soláthar den sórt sin laistigh de cheantar.

Rannán 6 – Faisnéis Ghinearálta do Thuismitheoirí

16. Cá bhfaighidh mé faisnéis faoin mbeartas i dtaca le ligean isteach ó scoil agus mionsonraí eile amhail an fhoirm iarratais agus dátaí deiridh, i measc nithe eile?

Ní mór cóip den bheartas i dtaca le ligean isteach ón scoil don scoilbhliain 2021/2022 a chur ar fáil ar shuíomh Gréasáin na scoile a luaithe a fhoilseofar é. Ní cheadáítear do scoileanna an beartas i dtaca le ligean isteach uathu don scoilbhliain 2021/2022 a fhoilsiú roimh an 1 Meán Fómhair 2020.

Cuimseofar san Fhógra Bliantúil i dtaca le Ligean Isteach faisnéis faoi roinnt mionsonraí praiticiúla a bhaineann leis an bpróiseas ligin isteach de chuid na scoile, ar nithe iad a dtiocfaidh athrú orthu ó bhliain go bliain. Mar shampla:

- Conas is féidir an beartas i dtaca le ligean isteach ón scoil agus an fhoirm iarratais ar rollú a fháil
- An dáta ar a dtosóidh an scoil ag glacadh le hiaratais ar ligean isteach sa scoil don scoilbhliain lena mbaineann agus an dáta ar a scoirfidh an scoil de bheith ag glacadh leo
- An dáta chun iarratasóirí a chur ar an eolas faoi thairiscintí agus an dáta faoinar chóir a dheimhniú don scoil go bhfuiltear ag glacadh leo
- I gcás scoileanna a bhfuil ró-éileamh orthu, faisnéis faoin líon iarratas a fuarthas agus faoi líon agus ord na dtairiscintí a rinneadh sa bhliain roimhe

Ní mór an fógra bliantúil i dtaca le ligean isteach ón scoil a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin na scoile gach bliain. Is féidir tuilleadh faisnéise faoin bhfógra i dtaca le ligean isteach a fháil i cheist **8** thuas.

17. Cé na daoine nach mór dul i ndáil chomhairle leo maidir leis an mbeartas athbhreithnithe nua i dtaca le ligean isteach ón scoil?

Ceanglaítear ar scoileanna dul i ndáil chomhairle le pátrúin, le tuismitheoirí na ndaltaí atá ag freastal ar an scoil agus le foireann na scoile le linn dóibh an beartas i dtaca le ligean isteach ón scoil a dhréachtú agus a athbhreithniú.

18. Cad a tharlóidh i gcás gur tairgeadh áit scoile don leanbh liom agus gur glacadh léi nó i gcás gur tugadh uimhir ar liosta feithimh le haghaidh áit scoile dó/dí?

Beidh feidhm ag na ceanglais nua maidir le ligean isteach ó mhí Mheán Fómhair 2021 amach. Beidh feidhm ag na socrúithe reatha maidir le ligean isteach i mí Mheán Fómhair 2020.

I ndáil le ligean isteach i scoil i mí Mheán Fómhair 2021 agus i mblianta ina dhiaidh sin, beidh feidhm ag na nithe seo a leanas:

I gcás gur tairgeadh áit scoile duit do mhí Mheán Fómhair 2020 agus gur ghlac tú léi roimh an 1 Feabhra 2020, ní bheidh aon tionchar ag an Acht ar an tairiscint sin.

I gcás gur cuireadh tú ar an eolas i scríbhinn roimh an 1 Feabhra 2020 go bhfuil do leanbh ar liosta feithimh le haghaidh áit scoile nó le haghaidh áit i rang speisialta in aon scoil, ceadáítear leis an Acht do scoileanna leanúint le liostaí feithimh atá ann cheana a úsáid chun áiteanna scoile a leithdháileadh ar feadh tréimhse cúig bliana ó dháta tosach feidhme an ailt iomchuí den Acht, i.e. féadfaidh scoileanna leanúint le háiteanna a thairiscint ó liostaí feithimh atá ann cheana suas go dtí an 31 Eanáir 2025.

19. Cá mhéad ama a bheidh agam chun scoil a chur ar an eolas gur ghlac mé le tairiscint?

Beidh an tréimhse ina mbeidh ort glacadh le haon tairiscint leagtha amach san Fhógra Bliantúil i dtaca le Ligean Isteach ón scoil don bhliain lena mbaineann.

A luaithe a ghlacfaidh tú le tairiscint, ní mór duit an scoil a chur ar an eolas i gcás gur ghlac tú le háit scoile i scoil eile cheana féin/go bhfuil tú ag feitheamh le tairiscint ó scoil eile. I gcás nach ndéanfaidh tú amhlaidh, is féidir go dtarraingeoidh an scoil an tairiscint áite scoile siar.

20. An bhféadfar tairiscint áite scoile a tharraingt siar?

Féadfaidh an scoil tairiscint áite scoile a tharraingt siar sna cásanna seo a leanas:

- I gcás nach nglacfaidh tú le háit laistigh den tréimhse atá leagtha amach san fhógra bliantúil i dtaca le ligean isteach ón scoil nó roimh an dáta sin
- I gcás go dtabharfaidh tú faisnéis mhíthreorach san fhoirm iarratais ar ligean isteach
- I gcás gurb amhlaidh, tar éis don scoil iarraidh ort déanamh amhlaidh, nach dtabharfaidh tú, mar thuismitheoir/chaomhnóir le dalta, deimhniú i scríbhinn á rá go bhfuil cód iompraíochta na scoile inghlactha duit agus go ndéanfaidh tú gach iarracht réasúnach a chinntiú go gcomhlíonfaidh an dalta an cód sin
- I gcás gurb amhlaidh, le linn duit glacadh le tairiscint, nár chuir tú an scoil ar an eolas gur ghlac tú le tairiscint nó tairiscintí ó scoil nó scoileanna eile cheana féin agus nár thug tú mionsonraí faoin gcéanna. Baineann sé sin freisin le cásanna inar mhainnigh tú an scoil a chur ar an eolas go ndearna tú iarratas chuig scoil/scoileanna eile agus go bhfuil tú ag feitheamh le deimhniú go bhfuair tú áit

21. Cén fhaisnéise a fhéadann scoileanna a roinnt maidir le m'iarratas ar iontráil?

Féadann scoileanna sonraí áirithe a roinnt d'fhonn iontráil éifeachtach daltaí a éascú. Dá mba mhian leo, d'fhéadfadh bord liosta daltaí a thabhairt do phátrún nó do bhord eile bainistíochta —

- (i) a bhfuarthas iarratas ar iontráil ar an scoil uathu,
- (ii) ar tairgeadh iontráil ar an scoil dóibh, nó
- (iii) a ghlac le tairiscint iontrála ar an scoil.

D'fhéadfadh sé go gcuimseofaí ar an liosta roinnt de na nithe seo a leanas nó iad uile:

- (i) an dáta a bhfuair an scoil iarratas ar iontráil;
- (ii) an dáta a ndearna an scoil tairiscint iontrála;
- (iii) an dáta ar ghlac iarratasóir tairiscint iontrála;
- (iv) mionsonraí pearsanta dalta lena n-áirítear a (h)ainm, seoladh, dáta breithe agus uimhir phearsanta seirbhíse poiblí (de réir bhrí alt 262 den Acht Comhdhlúite Leasa Shóisialaigh 2005).

22. An gceanglaítear ar scoileanna aon rud eile a fhoilsiú?

Ceanglaítear ar bhoird anois an cód iompraíochta uathu a fhoilsiú. Is le halt 10 den Acht a leasaítear an tAcht Oideachais (Leas), 2000, chun foráil a dhéanamh don cheanglas sin.